C/2023/591

6.11.2023

Fógra maidir le Taraif-Chuótaí áirithe a chruthú faoin mbeart coimirce cruach i ndáil leis an leasú ar Rialachán (AE) 2020/2170

(C/2023/591)

An 31 Eanáir 2019, d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') beart coimirce cinntitheach ar tháirgí áirithe cruach ('an Rialachán maidir le Beart Coimirce Cinntitheach') ([1]).

An 3 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún gníomh tarmligthe i ndáil le taraif-chuótaí an Aontais agus cuótaí allmhairiúcháin eile a chur i bhfeidhm ar tháirgí a aistrítear chuig Tuaisceart Éireann ([2]). De réir an ghnímh sin, ba cheart táirgí áirithe cruach de thionscnamh na Ríochta Aontaithe a chuirtear chun bealaigh go díreach ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe isteach go Tuaisceart Éireann a bheith ceadaithe tairbhe a bhaint as taraif-chuótaí ábhartha an Aontais nuair a aistrítear go Tuaisceart Éireann iad. I gcás nach gcuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóidí isteach laistigh de 2 mhí, is é sin faoin 3 Nollaig 2023, ba ghá an beart coimirce cruach a leasú trí tharaif-chuótaí tiomnaithe a chruthú le haghaidh aistrithe catagóirí áirithe de tháirgí cruach, mar a chumhdaítear sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh ag an gCoimisiún, ar táirgí iad de thionscnamh na Ríochta Aontaithe agus a chuirtear chun bealaigh go díreach ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe isteach i dTuaisceart Éireann.

1. Raon feidhme an táirge

Baineann an leasú ar an mbeart coimirce cruach le cúig chatagóir táirge: Leatháin agus Stiallacha Teorollta Dosmálta ([3]) (catagóir 8), Leatháin agus Stiallacha Fuar-rollta Dosmálta ([4])(catagóir 9), Barraí Treisiúcháin ([5]) (catagóir 13), Feadáin Mhóra Tháite ([6]) (catagóir 25A) agus Sreang Neamh-Chóimhiotail ([7]) (catagóir 28).

2. Raon feidhme an imeachta

Tá raon feidhme an imeachta seo teoranta do chúig tharaif-chuóta thiomnaithe a chruthú le haghaidh aistrithe chatagóirí 8, 9, 13, 25A agus 28 de thionscnamh na Ríochta Aontaithe a chuirtear chun bealaigh go díreach ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe isteach go Tuaisceart Éireann.

3. Modheolaíocht

Measann an Coimisiún gur cheart gurb í seo a leanas an mhodheolaíocht is iomchuí chun méid na dtaraif-chuótaí nua sin a ríomh:

a) Na sonraí staidrimh a úsáid atá ar fáil ([8]) don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2022;

b) Sonraí a bhliantúlú chun an méid a fháil a bheadh ina taraif-chuóta don bhliain;

c) Méideanna a leithdháileadh go ráithiúil i gcomhréir le líon na laethanta i ngach ráithe.

I bhfianaise na modheolaíochta thuas, tá méideanna na dtaraif-chuótaí a eascraíonn as sin in aghaidh na catagóire táirge agus na háite tionscnaimh ar bhonn bliantúil le fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bhfógra seo.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha i gcoinne allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27).

([2]) Rialachán Tarmligthe an 3 Deireadh Fómhair 2023 ón gCoimisiún lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/2170 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cuótaí rátaí taraife an Aontais agus cuótaí eile ar allmhairí a chur i bhfeidhm maidir le táirgí cruach áirithe a aistrítear go Tuaisceart Éireann (C(2023) 6691) (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([3]) Cóid AC (ar mhaithe le faisnéis): 7219 11 00, 7219 12 10, 7219 12 90, 7219 13 10, 7219 13 90, 7219 14 10, 7219 14 90, 7219 22 10, 7219 22 90, 7219 23 00, 7219 24 00, 7220 11 00, 7220 12 00.

([4]) Cóid AC (ar mhaithe le faisnéis): 7219 31 00, 7219 32 10, 7219 32 90, 7219 33 10, 7219 33 90, 7219 34 10, 7219 34 90, 7219 35 10, 7219 35 90, 7219 90 20, 7219 90 80, 7220 20 21, 7220 20 29, 7220 20 41, 7220 20 49, 7220 20 81, 7220 20 89, 7220 90 20, 7220 90 80.

([5]) Cóid AC (ar mhaithe le faisnéis): 7214 20 00, 7214 99 10.

([6]) Cóid AC (ar mhaithe le faisnéis): 7305 11 00, 7305 12 00.

([7]) Cóid AC (ar mhaithe le faisnéis): 7217 10 10, 7217 10 31, 7217 10 39, 7217 10 50, 7217 10 90, 7217 20 10, 7217 20 30, 7217 20 50, 7217 20 90, 7217 30 41, 7217 30 49, 7217 30 50, 7217 30 90, 7217 90 20, 7217 90 50, 7217 90 90.

([8]) Sonraí atá ar fáil ón gcóras leictreonach a bunaíodh ar bhonn Airteagail 55 agus 56 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015.

3.1. ***Aighneachtaí i scríbhinn***

Iarrann an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara barúil a thabhairt go heisiach ar na taraif-chuótaí nua atá beartaithe mar thoradh ar an oiriúnú. Beidh raon feidhme na mbarúlacha teoranta don mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm chun na taraif-chuótaí a oiriúnú.

Ní mór aon aighneacht, agus an fhianaise thacaíochta a ghabhann léi, a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de **10 lá** ó lá foilsithe an fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

3.2. ***Faisnéis a chur isteach agus síneadh a chur leis na teorainneacha ama a shonraítear san fhógra seo***

Go hiondúil, ní fhéadfaidh na páirtithe leasmhara faisnéis a chur isteach ach amháin laistigh de na creata ama a shonraítear san fhógra seo. Ní féidir aon síneadh maidir leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear san fhógra seo a iarraidh ach amháin in imthosca eisceachtúla, agus ní dhéanfar é a dheonú ach amháin má tá údar cuí leis. I gcás síntí eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo i dtaca leis an sprioc-am le haghaidh aighneachtaí, is gnách nach mbeidh níos mó ná síneadh **3 lá breise** i gceist leo.

3.3. ***Treoracha le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh***

Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir aighneachtaí agus láimhseáil agus measúnú tapa na n-aighneachtaí sin, **tá teimpléad deartha ag an gCoimisiún nach mór do pháirtithe a úsáid agus iad ag cur isteach a mbarúlacha**. Tá an teimpléad le fáil in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bhfógra seo.

Maidir le faisnéis a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin chun críche nós imeachta cosanta trádála, beidh an fhaisnéis sin saor ó chóipcheart. Ní mór do pháirtithe leasmhara, sula gcuirfidh siad faisnéis agus/nó sonraí atá faoi réir cóipchearta tríú páirtí faoi bhráid an Choimisiúin, cead a iarraidh go sonrach ó shealbhóir an chóipchirt lena gceadaítear don Choimisiún (a) an fhaisnéis agus na sonraí a úsáid chun críoch an nós imeachta cosanta trádála seo agus (b) an fhaisnéis agus/nó na sonraí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara san imscrúdú sin i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a gcearta cosanta a fheidhmiú.

Gach aighneacht i scríbhinn arna gcur ar fáil ag páirtithe leasmhara a n-iarrtar gur i modh rúin a chaithfí léi, cuirfear an lipéad '*Teoranta*' uirthi ([9]). Iarrtar ar na páirtithe a chuireann faisnéis isteach le linn an imscrúdaithe seo cúis a thabhairt lena n-iarraidh go gcaithfí i modh rúin léi.

Ní mór do pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis '*Teoranta*' achoimrí neamhrúnda uirthi a chur ar fáil de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/478 ([10]) agus Airteagal 5 de Rialachán AE 2015/755 ([11]), agus cuirfear an lipéad '*Le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara*' ar na hachoimrí sin. Ba cheart do na hachoimrí sin a bheith mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar bunús na faisnéise a cuireadh isteach i modh rúin a thuiscint go réasúnta agus ní mór dóibh a bheith faighte ag an gCoimisiún an tráth céanna leis an leagan '*Teoranta*'.

Mura féidir leis an bpáirtí a sholáthraíonn faisnéis rúnda cúis mhaith a thaispeáint lena iarraidh gur i modh rúin a gcaithfí léi nó mura dtugann sé achoimre neamhrúnda uirthi san fhormáid agus sa cháilíocht a iarradh, féadfaidh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a thaispeáint go sásúil ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

Iarrtar ar pháirtithe leasmhara gach aighneacht agus iarraidh a dhéanamh trí TRON.tdi (https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI), lena n-áirítear cóipeanna scanta de chumhachtaí aturnae. Trí úsáid a bhaint as TRON.tdi nó ríomhphost, cuireann páirtithe leasmhara in iúl go n-aontaíonn siad leis na rialacha is infheidhme maidir le haighneachtaí leictreonacha atá sa doiciméad 'COMHFHREAGRAS LEIS AN gCOIMISIÚN EORPACH I gCÁSANNA COSANTA TRÁDÁLA', doiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2011/june/tradoc_148003.pdf.

Ní mór do na páirtithe leasmhara a n-ainm, a seoladh, a n-uimhir theileafóin agus a seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur ríomhphost oifigiúil feidhmiúil gnó é an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil, seoladh a sheiceáiltear ar bhonn laethúil. Tráth a chuirfear sonraí teagmhála ar fáil, ní dhéanfaidh an Coimisiún cumarsáid le páirtithe leasmhara ach amháin trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, ach amháin i gcás ina n-iarrfaidh siad go sainráite na doiciméid uile ón gCoimisiún a fháil trí mheán eile cumarsáide, nó i gcás inar gá post cláraithe a úsáid mar gheall ar chineál an doiciméid atá le seoladh. Le haghaidh tuilleadh rialacha agus faisnéise maidir le comhfhreagras leis an gCoimisiún, lena n-áirítear prionsabail a bhaineann le haighneachtaí trí TRON.tdi, ba cheart do pháirtithe leasmhara féachaint ar na treoracha maidir le cumarsáid le haghaidh páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas.

([9]) Is éard is doiciméad 'Teoranta' ann doiciméad a mheastar a bheith rúnda de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/478, Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2015/755 agus Airteagal 3.2 de Chomhaontú EDT maidir le Bearta Coimirce. Is doiciméad é freisin atá cosanta de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

([10]) IO L 83, 27.3.2015, lch. 16.

([11]) IO L 123, 19.5.2015, lch. 33.

Seoladh an Choimisiúin le haghaidh comhfhreagrais:

European Commission
Directorate-General for Trade
Directorate G, unit G5
Office: CHAR 03/66
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

TRON.tdi: https://webgate.ec.europa.eu/tron/tdi

Seoladh ríomhphoist: TRADE-SAFE009-REVIEW@ec.europa.eu

4. **Sceideal**

Is é an cuspóir go mbeidh an leasú ar bheart coimirce cruach an Aontais i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

5. **Oifigeach Éisteachta**

Gníomhaíonn an tOifigeach Éisteachta mar phointe teagmhála idir na páirtithe leasmhara agus seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin. Déanann an tOifigeach Éisteachta athbhreithniú ar iarrataí ar rochtain ar an gcomhad, ar dhíospóidí maidir le rúndacht doiciméad, ar iarrataí ar shíneadh teorainneacha ama agus ar aon iarraidh eile a bhaineann le cearta cosanta páirtithe leasmhara agus tríú páirtithe faoi mar a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an imeachta.

Féadfaidh páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh. I bprionsabal, ní bhainfidh na hidirghabhálacha sin ach leis na saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn i rith an imeachta seo.

Ba cheart iarraidh ar idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a dhéanamh i scríbhinn agus ba cheart na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna le hiarrataí, ag féachaint go cuí do leasanna an dea-riaracháin agus don imscrúdú a thabhairt chun críche go tráthúil.

Chun tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála a fháil, féadfaidh páirtithe leasmhara féachaint ar leathanaigh ghréasáin an Oifigigh Éisteachta ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: http://ec.europa.eu/trade/trade-policy-and-you/contacts/hearing-officer/

6. **Sonraí pearsanta a phróiseáil**

Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chaithfear le haon sonraí pearsanta a bhaileofar san imscrúdú seo ([12]).

Tá fógra cosanta sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, fógra a chuireann gach duine ar an eolas faoi phróiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí cosanta trádála an Choimisiúin: http://trade.ec.europa.eu/doclib/html/157639.htm

([12]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

IARSCRÍBHINN I

MÉIDEANNA NA DTARAIF-CHUÓTAÍ

Uimhir tháirge	Catagóir táirgí	Cóid AC	Leithdháileadh de réir tíre (I gCás inarb Infheidhme)	Bliain 6		Ráta na dleachta breise
				Ón 1.1.2024 go dtí an 31.3.2024	Ón 1.4.2024 go dtí an 30.6.2024	
8	Leatháin agus Stiallacha Teorollta Dosmálta	7219 11 00, 7219 12 10, 7219 12 90, 7219 13 10, 7219 13 90, 7219 14 10, 7219 14 90, 7219 22 10, 7219 22 90, 7219 23 00, 7219 24 00, 7220 11 00, 7220 12 00	Tíortha eile	108 314,26	108 314,26	25 %
			An Ríocht Aontaithe (chuig Tuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe)	13,13	13,13	25 %
9	Leatháin agus Stiallacha Fuar-rollta Dosmálta	7219 31 00, 7219 32 10, 7219 32 90, 7219 33 10, 7219 33 90, 7219 34 10, 7219 34 90, 7219 35 10, 7219 35 90, 7219 90 20, 7219 90 80, 7220 20 21, 7220 20 29, 7220 20 41, 7220 20 49, 7220 20 81, 7220 20 89, 7220 90 20, 7220 90 80	An Chóiré (Poblacht na Cóiré)	49 010,58	49 010,58	25 %
			An Téaváin	45 449,15	45 449,15	25 %
			An India	30 376,69	30 376,69	25 %
			An Afraic Theas	26 432,63	26 432,63	25 %
			Na Stáit Aontaithe	24 714,52	24 714,52	25 %
			An Tuirc	20 565,57	20 565,57	25 %
			An Mhalaeisia	13 029,20	13 029,20	25 %
			Tíortha eile	52 263,55	52 263,55	25 %
			An Ríocht Aontaithe (chuig Tuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe)	30,76	30,76	25 %

13	Barraí treisiúcháin	7214 20 00, 7214 99 10	An Tuirc	93 208,76	93 208,76	25 %
			Cónaidhm na Rúise	ní bhaineann le hábhar	ní bhaineann le hábhar	25 %
			An Úcráin	43 393,39	43 393,39	25 %
			An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	33 531,95	33 531,95	25 %
			An Mholdóiv (Poblacht na Moldóive)	28 025,13	28 025,13	25 %
			Tíortha eile	136 103,03	136 103,03	25 %
			An Ríocht Aontaithe (chuig Tuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe)	2 127,24	2 127,24	25 %
25.A	Feadáin mhóra tháite	7305 11 00, 7305 12 00	Tíortha eile	118 743,72	118 743,72	25 %
			An Ríocht Aontaithe (chuig Tuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe)	13,70	13,70	25 %
28	Sreang neamh-chóimhiotail	7217 10 10, 7217 10 31, 7217 10 39, 7217 10 50, 7217 10 90, 7217 20 10, 7217 20 30, 7217 20 50, 7217 20 90, 7217 30 41, 7217 30 49, 7217 30 50, 7217 30 90, 7217 90 20, 7217 90 50, 7217 90 90	An Bhealarúis	ní bhaineann le hábhar	ní bhaineann le hábhar	25 %
			An tSín	77 963,72	77 963,72	25 %
			Cónaidhm na Rúise	ní bhaineann le hábhar	ní bhaineann le hábhar	25 %
			An Tuirc	50 733,63	50 733,63	25 %
			An Úcráin	38 259,97	38 259,97	25 %
			Tíortha eile	48 776,62	48 776,62	25 %
			An Ríocht Aontaithe (chuig Tuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe)	187,47	187,47	25 %

IARSCRÍBHINN II

TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH AIGHNEACHTAÍ

1. Má bhíonn aon bharúil agat maidir leis an modheolaíocht a mhínítear i Roinn 3 den fhógra, mínigh na cúiseanna atá leis sin agus cuir modheolaíocht mhalartach ar fáil, **sa bhosca thíos agus in dhá leathanach ar a mhéad**. Más mian leat modheolaíocht mhalartach a chur ar fáil don Choimisiún chun méideanna na dtaraif-chuótaí a ríomh, cuir na ríomhanna athbhreithnithe a eascraíonn as sin **i gcomhad Excel ar leith.**

2. Cuirim comhad ríomhanna Excel ar leith i gceangal (cuir tic sa bhosca i gcás inarb iomchuí)

A) Cúiseanna le modheolaíocht mhalartach:

B) Modheolaíocht mhalartach: